

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE** for teachers

Staidéar Gnó

Leabhrán
Acmhainní
Cnuaslá FGL
ar Líne
2020 - 2021



Clár na nÁbhar

Leagan Amach an Lae	Leathanach 3
Treoracha Ghrúpghníomhaíocht Sheisiún 1	Leathanach 4
Torthaí Foghlama	Leathanach 5
Briathra Gnímh	Leathanach 8
Treoracha Ghrúpghníomhaíocht Sheisiún 2	Leathanach 10
Gníomhaíocht Iniúchadh Measúnaithe	Leathanach 11
Modh Measúnaithe A	Leathanach 12
Modh Measúnaithe B	Leathanach 14
Modh Measúnaithe C	Leathanach 18
Modh Measúnaithe D	Leathanach 21
Treoracha Ghrúpghníomhaíocht Sheisiún 3	Leathanach 24
Ceisteanna Samplacha ó Dhoiciméad Ceisteanna Samplacha an CNCM	Leathanach 25
Ceathramhán Ceiste	Leathanach 28
Ábhar Spreagtha do Ghníomhaíocht an Cheathramháin Ceiste	Leathanach 30
Teimpléad Ceathramhán Ceiste	Leathanach 31
Gearrthóga Fuaime ar Aiseolas Éifeachtach	Leathanach 32
Spreagthach Físeáin ar Phiaraiseolas	Leathanach 33
Gníomhaíocht Machnaimh 3-2-1	Leathanach 34
Sonraí Teagmhála	Leathanach 35

Leagan Amach Chnuaslá FGL 2020/21

Déanfar ceardlanna FGL an Staidéir Ghnó a sheachadadh ar an ardán Zoom. Tá taithí ag go leor múinteoirí ar a éasca atá sé a úsáid agus ar a inrochtaineacht thar réimse gaireas.

Leanfaidh gach ceardlann ábhair an t-amchlár céanna, mar seo a leanas:

 Plean an Lae	
9.15 - 9.30	Logáil isteach agus Clárú
9.30 - 11.00	Seisiún 1: Ag obair le Torthaí Foghlama
	CAIFE
11.20 - 1.00	Seisiún 2 : Measúnú Leanúnach
	LÓN
2.00 - 3.30	Seisiún 3 : Straitéisí Measúnú Múnlaiteach

**Tá sos tae/ caife agus sos lóin ag an am céanna do gach ceardlann*

I rith an lae, beidh blaiseadh ag rannpháirtithe ar ghníomhaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear:

- Ionchur faoi stiúir éascaitheora
- Spreagadh i gcomhair plé
- Deiseanna comhoibrithe
- Deiseanna cruthaitheachta
- Cleachtas a roinnt / plé
- Ócáidí machnaimh
- Léitheoireacht / ag scríobh as líne
- Dul i ngleic le hábhar fuaimne nó le físeán ar an bpríomhscáileán / ar ghléas ar leith
- Ábhar ceardlainne ar líne (in-íoslódáilte)

Treoracha Grúpghníomhaíocht Ar Líne / Seomra ar an Imeall

Seisiún 1 (9.30am – 11am)

Grúpghníomhaíocht 1 (10 nóiméad)

- Tú féin a chur in aithne do do ghrúpa
- Déan nóta de d'uimhir ghrúpa
- Léigh trí Phlean na nGrúpghníomhaíochtaí ar an leathanach seo

Grúpghníomhaíocht 2 (10 nóiméad)

- Tuairisceoir a cheapadh a thabharfaidh aiseolas
- Roghnaigh téama agus ansin roghnaigh Torthaí Foghlama cú (ó na 3 Shnáithe nuair is féidir), a úsáidfidh tú chun sraith d'Eispéiris Foghlama a chruthú. Smaoinigh ar chomhthéacs na scoláirí.
- Tugaigí teideal do bhur nAonad Foghlama.

Téamaí: 1. Gnó Domhanda, 2. Eitic agus Inbhuanaitheacht, 3. Rialtas agus an geilleagar, 4. Pleanáil/Tuairisciú Airgeadais, 5. Saol na hOibre, 6. Fiontraíocht i mo Phobal, 7. Mise agus mo Chuid Airgid, 8. Tionscnamh gnó

Grúpghníomhaíocht 3 (10 nóiméad)

- Na Briathra Gnímh a scrúdú i gcomhthéacs ghluais na mBriathra Gnímh sa tsonraíocht.
- Smaoineamh ar ábharthacht agus ar thionchar na mBriathra Gnímh seo nuair a bhíonn eispéiris fhiúntacha agus bhríocha foghlaimeora á ndearadh.
- A roghnú cén Briathar Gnímh AMHÁIN a mbeidh GACH duine agaibh ag obair leis chun Eispéireas Foghlama a chruthú.

Gníomhaíocht Aonair (25 nóiméad)

- Ag obair i d'aonar duit, aimsigh Intinn Foghlama agus ag baint úsáid aisti sin, déan amach plean imlíne d'Eispéireas Foghlama AMHÁIN.
- Ba chóir go mbeadh d'Eispéireas Foghlama bunaithe ar an mBriathar Gnímh a roghnaigh tú agus i gcomhthéacs Aonad Foghlama do ghrúpa.
- Comhroinn d'Eispéireas Foghlama faoin gceannteideal cú sa Padlet comhoibríoch ar líne.

Grúpghníomhaíocht 4 (10 nóiméad)

Tugtar cuireadh do gach Ball den Ghrúpa réamhrá / leagan amach 60 soicind a chur ar fáil ar d'Eispéireas Foghlama, bunaithe ar do phost Padlet comhroinnte.

Torthaí Foghlama

Snáithe 1: Airgeadas Pearsanta

Díríonn airgeadas pearsanta ar an scoláire a bheith ag forbairt sraith scileanna, eolais agus luachanna a chuireann ar a chumas cinntí eolasacha a dhéanamh chun a chuid acmhainní airgeadais a bhainistiú go héifeachtach agus go freagrach. Sa snáithe seo foghlaimíonn an scoláire faoina chúrsaí airgeadais a bhainistiú, faoi iompar freagrach tomhaltóra agus faoin luach a bhaineann le hacmhainní a úsáid go heiticiúil agus go héifeachtúil chun tairbhe daoine aonair agus na sochaí.

GNÉITHE: Mo chuid acmhainní a bhainistiú

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

1.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar na hacmhainní pearsanta atá ar fáil dó chun freastal ar a chuid riachtanas agus mianta, agus anailís a dhéanamh ar an méid a imríonn sásamh na riachtanas agus na n-éileamh sin tionchar ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí

1.2 Foinsí ioncaim agus caiteachais a shainaithint agus a rangú, comparáid a dhéanamh idir na roghanna atá ar fáil chun an bainistiú is fearr a dhéanamh ar acmhainní airgeadais, measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le gach rogha acu agus breithiúnais eolasacha agus fhreagracha a dhéanamh

1.3 Saolré airgeadais pearsanta a chur le chéile chun riachtanais airgeadais ag céimeanna difriúla saoil a shainaithint

1.4 Na príomhchánacha agus na príomhtháillí pearsanta a mhíniú agus an tráth agus an chúis a bhféadfaidís a theacht chun cinn a thabhairt le fios

1.5 Cúiseanna a shainaithint chun airgead a choigilt agus a fháil ar iasacht, na cúiseanna sin a cheangal le foinsí cuí airgeadais a aimsiú i ndáil lena gcuspóir, lena gcostais agus lena rioscaí

1.6 Cineálacha cuí árachais a shainaithint le haghaidh riachtanais phearsanta ar leith agus costais, tairbhí agus rioscaí a mheas

GNÉITHE: Cúrsaí Gnó a Fhiosrú

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

1.7 Idirdhealú a dhéanamh idir a chearta agus a fhreagrachtaí mar thomhaltóir agus léirthuisicint a bheith aige dóibh

1.8 Comparáid a dhéanamh idir na seirbhísí a sholáthraíonn gníomhaireachtaí do thomhaltóirí agus institiúidí airgeadais chun cabhrú agus chun tacú le custaiméirí

1.9 Díospóireacht a dhéanamh faoi na saincheisteanna eiticiúla agus inbhuanaitheachta a eascraíonn as an úsáid a bhaineann sé as earraí agus as seirbhísí agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh a iompar mar thomhaltóir cur le forbairt inbhuanaithe

1.10 Plé agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a n-imríonn domhandú agus forbairtí teicneolaíochta tionchar ar rogha agus ar iompar tomhaltóirí

GNÉITHE: Scileanna a Úsáid don Ghnó

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

1.11 Duilleog phá a léirmhíniú agus dliteanas pearsanta cánach de bharr fostaíochta a ríomh

1.12 Buiséad a ullmhú agus anailís a dhéanamh air, an staid airgeadais a fháil amach, gníomhartha cuí a mholadh agus an anailís a chur i láthair i bhfoirm táblaí agus graf

1.13 Monatóireacht agus ríomh a dhéanamh ar shonraí ioncaim agus caiteachais, an staid airgeadais a fháil amach, gníomhartha cuí a mholadh agus an anailís a chur i láthair i bhfoirm táblaí agus graf

Snáithe 2: Fiontraíocht

Spreagann an Fhiontraíocht an scoláire chun deiseanna a shainaithint agus iad a thiontú ina ngníomhaíochtaí praiticiúla spriocdhírthe taobh istigh den ghnó agus den tsochaí i gcoitinne trína thuiscint, a scileanna agus a luachanna a fhorbairt agus a úsáid. Sa snáithe seo, foghlaimíonn an scoláire faoi bheith fiontraíoch, faoi fheidhmeanna eagraíochta agus faoin timpeallacht ghnó.

GNÉITHE: Mo Chuid Acmhainní a Bhainistiú

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

2.1 Cineálacha difriúla fiontair airgeadais, chultúrtha agus shóisialta a shainaithint agus léirithuiscint a bheith aige don ról atá ag gach ceann acu sa tsochaí

2.2 Cur síos a dhéanamh ar scileanna agus ar shaintréithe an té atá fiontraíoch agus léirithuiscint a bheith aige do ról an fhiontraí in eagraíocht, sa tsochaí agus sa gheilleagar

2.3 Dealú idir fostaíocht, obair agus saorálaíochas, agus gnéithe, tairbhí, luach saothair agus gairmeacha laistigh díobh uile a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu

GNÉITHE: Cúrsaí Gnó a Fhiosrú

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

2.4 Idirdhealú a dhéanamh idir cearta agus freagrachtaí an fhostóra agus an fhostaí ó thaobh seasamh dlíthiúil, sóisialta, comhshaoil agus eiticiúil de

2.5 Na tionchair dhearfacha agus dhiúltacha a bhíonn ag eagraíocht ar an bpobal ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil de a iniúchadh

2.6 Tionchar teicneolaíochtaí digiteacha ar eagraíocht a phlé agus díospóireacht a dhéanamh faoin luach saothair agus faoi na costais a bhaineann leo

GNÉITHE: Scileanna a Úsáid don Ghnó

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

2.7 Taighde margaidh a dhéanamh chun deis fiontraíochta a iniúchadh agus anailís a dhéanamh ar thorthaí an taighde, iad a léirmhíniú agus iad a chur in iúl agus úsáid á baint as téarmaíocht agus as léiriúcháin ábhartha

2.8 Cumasc margaidh a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun táirge nó seirbhís nua nó ceann atá ann cheana a chur chun cinn

2.9 Plean gnó simplí a fhorbairt do tháirge nó do sheirbhís nua nó do cheann atá ann cheana

2.10 Cáipéisí tábhachtacha gnó a úsáideann eagraíocht ar chúinsí cuntasachta chun a cuid idirbheart a bhainistiú, a chur i gcrích agus a léirmhíniú

2.11 Meas a dhéanamh ar a thábhachtaí is atá sreabhadh airgid eagraíochta a phleanáil, foinsí oiriúnacha maoinithe a mholadh chun caiteachas a bhainistiú agus buiséad a ullmhú

2.12 Cuntas airgid a ullmhú chun monatóireacht a dhéanamh ar ioncam a fuair eagraíocht agus ar íocaíochtaí a rinne sí, measúnú a dhéanamh ar a staid airgeadais agus plean gníomhaíochta a mholadh; figiúir a phostáil sna mórleabhair iomchuí agus comhardú trialach a fháil

2.13 Cuntais deiridh a ullmhú chun feidhmíocht airgeadais eagraíochta ag deireadh tréimhse trádála a mheas, anailís agus measúnú a dhéanamh ar a staid airgeadais agus plean gníomhaíochta a mholadh

Snáithe 3: Ár nGeilleagar

Cuireann Ár ngeilleagar ar chumas an scoláire an caidreamh dinimiciúil idir cúrsaí eacnamaíochta go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a thuiscint. Forbraíonn sé cumas an scoláire chun bunchoincheapa eacnamaíochta a shainathint agus a thuiscint faoi mar a bhaineann siad le hairgeadas pearsanta, le fiontraíocht agus le geilleagar na hÉireann. Sa snáithe seo, foghlaimíonn an scoláire faoi éileamh agus soláthar earraí agus seirbhísí, faoi ról an rialtais i mbainistiú an gheilleagair, agus faoi shaincheistanna eacnamaíochta amhail trádáil, fostaíocht agus ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach.

GNÉITHE: Mo Chuid Acmhainní a Bhainistiú

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

3.1 Míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcaithfidh daoine aonair roghanna a dhéanamh mar gheall ar easpa acmhainní eacnamaíochta; torthaí féideartha na roghanna sin a thuar

3.2 Míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcomhoibríonn daoine aonair, eagraíochtaí (eagraíochtaí brabúis agus eagraíochtaí neamhbhrabúis) agus an rialtas le chéile chun acmhainní eacnamaíochta a dháileadh a úsáidtear chun táirgí agus seirbhísí a tháirgeadh

3.3 Measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le hathruithe ar sholáthar agus éileamh earraí agus seirbhísí i margaí difriúla tionchar a imirt ar phraghsanna

3.4 Dealú idir foinsí difriúla ioncam rialtais agus caiteachas rialtais

GNÉITHE: Cúrsaí Gnó a Fhiosrú

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

3.5 Feidhm na cánach a scrúdú ó thaobh cúrsaí airgeadais, sóisialta, dlíthiúla agus eiticiúla de

3.6 Míniú a thabhairt ar an gcaoi ar féidir le borradh eacnamaíoch tionchar dearfach agus diúltach a imirt ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol agus cur chun cinn na forbartha inbhuanaithe a chosaint

3.7 Díospóireacht a dhéanamh ar na himpleachtaí atá le domhandú na trádála, lena n-áirítear na tairbhí agus na dúshláin don trádáil idirnáisiúnta

3.8 Plé a dhéanamh ar na tairbhí agus ar na dúshláin, idir eacnamaíoch agus shóisialta, a bhaineann le ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach

GNÉITHE: Scileanna a Úsáid don Ghnó

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

3.9 Oiriúnacht táscairí eacnamaíochta a mhíniú amhail boillsciú, rátaí fostaíochta, rátaí úis, borradh eacnamaíoch, ioncam náisiúnta agus fiacha náisiúnta do dhaoine aonair agus don gheilleagar

3.10 A chuid eolais, agus faisnéis ó fhoinsí éagsúla meán, a úsáid chun saincheistanna reatha eacnamaíochta a phlé agus tuairim eolasach a chur i láthair

3.11 Measúnú a dhéanamh ar thairbhí agus ar chostais beartas geilleagrach rialtais, agus iad siúd a bhaineann leas as na tairbhí agus iad siúd a bhíonn thíos leis na costais a mheas



Déan scanadh ar an gCód MF (mearfhreagartha) chun an tSonraíocht don Staidéar Gnó a íoslódáil

Briathra Gnímh an Staidéir Ghnó

Briathra Gnímh, ba chóir go mbeadh scoláirí in ann taispeáin, rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó trí fhianaise, ag léirchruthú le samplaí nó le húsáid phraiticiúil.

Briathar Gnímh	Ba chóir go mbeadh scoláirí in ann:
Aithin	fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a shainaithint
Anailísigh	staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí
Ceangail	rud a shamhlú le rud eile, cúiseanna a thabhairt
Ceap	nós imeachta nó córas a phleanáil, a chruthú nó a chur le chéile trí mhachnamh domhain a dhéanamh
Cosain	cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid
Cuir i bhfeidhm	faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú
Cuir i gcrích	rud atá á dhéanamh aige a thabhairt chun críche, rud a chur de go sásúil
Cuir i láthair	smaoineamh a chur chun cinn nó a mholadh; fianaise a thabhairt nó a léiriú; rud a thaispeáint ionas gur féidir le daoine eile é a scrúdú
Cuir le chéile	eolas a fhorbairt i bhfoirm léaráide nó loighce; ní dhéantar é trí fhíricí a thabhairt chun cuimhne ach trí chosúlachtaí nó trí fhaisnéis a úsáid agus a nascadh
Cuir síos	pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó mionsamhail a chruthú
Dealaih	an méid a dhéanann rud éagsúil a aithint nó a oibriú amach
Déan	gníomhaíocht a eagrú agus tabhairt fúithi
Déan comparáid	cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus/nó ar na difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu/dóibh uile síos tríd
Déan díospóireacht	cur agus cúiteamh faoi ábhar, go háirithe i bplé foirmiúil
Deimhnigh	fianaise a thabhairt chun tacú le fírinne ráitis
Faigh amach	rud a chinntiú nó a dhearbhu go beacht trí thaighde nó trí ríomh
Forbair	dul chun cinn nó feabhsú chun éirí níos aibí, níos forásaí, nó níos casta
Idirdhealaigh	na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir
Iniúch	breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua
Léirmhínigh	eolas agus tuiscint a úsáid chun treochothaí a aithint agus teacht ar honclúidí ó fhaisnéis a thugtar
Léirthuisint a bheith ag... do...	brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud
Luaigh	ráiteas achomair a thabhairt gan mórán argóint tacaíochta nó gan aon argóint tacaíochta
Meas	saintréith, cumas, nó cáilíocht ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh

Briathar Gnímh	Ba chóir go mbeadh scoláirí in ann:
Meas (cuimhnigh ar...)	cur síos a dhéanamh ar phatrúin i sonraí; eolas agus tuiscint a úsáid chun patrúin a léirmhíniú, tuartha a dhéanamh agus iontaofacht a sheiceáil
Measúnaigh (breithiúnas eiticíúil)	fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna
Measúnaigh (sonraí)	sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna
Mínigh	mionchuntas a thabhairt lena n áirítear fáthanna nó cúiseanna
Mol	plean nó smaoineamh a chur chun tosaigh lena mheas
Mol (comhairligh)	rud a chur chun tosaigh agus é faofa mar rud a bheadh oiriúnach le haghaidh cuspóir airithe
Monatóirigh	breathnú ar dhul chun cinn ruda agus é a sheiceáil thar thréimhse ama; rud a choimeád faoi athbhreithniú córasach
Pléigh	athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí; ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chúí
Rangaigh	rudáí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta
Ríomh	teacht ar fhreagra uimhriúil, ag taispeáint na gcéimeanna cuí san oibriú amach
Sainaithin	patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair
Scrúdaigh	argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus coibhneasa na saincheiste
Tabhair le fios	réiteach, hipitéis nó freagra féideartha eile a mholadh
Taispeáin	rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil
Tiontaigh	athrú go foirm eile
Tuar	toradh ionchasach imeachta a thabhairt; imeacht nua a mhíniú bunaithe ar bhreathnuithe nó ar fhaisnéis ag úsáid naisc loighciúla idir míreanna eolais
Tuig	Corpas dea eagraithe eolais a bheith aige agus é sin a chur i bhfeidhm
Ullmhaigh	rud a fháil faoi réir le haghaidh a úsáide nó chun é a chur i láthair
Úsáid	eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh

Treoracha Grúpghníomhaíocht Ar Líne / Seomra ar an Imeall

Seisiún 2 (11:20am – 1:00pm)

Grúpghníomhaíocht 1 (10 nóiméad)

Pléigí na 7 gCéim chuig Ceistiú Eifeachtach

1. Cruthaigh atmaisféar ranga ina spreagtar ceistiú.
2. Pleanáil do cheisteanna..
3. Cuir níos lú ceisteanna.
4. Bíodh ceisteanna de chaighdeán níos airde agat.
5. Ná cuir moll ceisteanna go tiubh i ndiaidh a chéile.
6. Ceadaiigh ‘am feithimh’.
7. Úsáid an rialail ‘cosc ar lámh a chur in airde’

Grúpghníomhaíocht 2 (10 nóiméad)

Sannfar seomra ar an imeall duit agus tabharfar 10 nóiméad duit chun na ceisteanna don ghníomhaíocht seo a phlé agus a fhreagairt. Tá na ceisteanna ar leathanach 11 den leabhrán seo.

Nuair a bheidh muid críochnaithe, roinnfidimid machnamh sa phríomhghrúpa.

Gníomhaíocht Aonair (30 nóiméad)

I d’aonar, comhlánaigh an ghníomhaíocht a bhaineann le modhanna ceistiúcháin i do leabhrán agus nuair a fhillimid, pléifimid an ról is féidir le gach modh a imirt inár gcleachtas measúnaithe.

Is féidir iad seo a fháil ar leathanaigh 12 – 23

Cén chaoi a bhfuil na hathruithe measúnaithe seo á gcur i bhfeidhm agat i do roinn ábhair / sa seomra ranga?

Conas atá ag éirí leat?

Conas atá a fhios agat? (Cén fhianaise atá ann?)

Cad iad do láidreachtaí?

Cad é is féidir leat a fheabhsú?

MODH A: CEISTEANNA LE COMHLÁNÚ

Is ceisteanna freagra-le-tabhairt iad ar bhealach na ceisteanna le comhlánú ina dtugann scoláirí freagraí an-ghearr, aonfhoclacha go minic. Áirítear orthu sin:

Líon isteach na bearnaí - Críochnaigh an frása - Ceisteanna díreacha le freagraí an-ghearr.

Leibhéal cognaíoch:

Eolas	Tuiscint	Feidhm	Anailís	Sintéis	Meastóireacht
✓					

Éifeachtacht Cheisteanna a Chur i gComparáid:

Déan comparáid idir na ceisteanna sna samplaí seo a leanas agus pléigh **cén fáth** a bhfuil ceist amháin níos éifeachtaí ná an ceann eile.

Sampla 1

Is lú an éifeacht atá leis	Is mó an éifeacht atá leis	Cén fáth?
Is é an _____ an méid breise a chuirtear le préimh árachais chun riosca méadaithe a chlúdach.	Tugtar an _____ ar an méid breise a chuirtear le préimh árachais chun riosca méadaithe a chlúdach.	

Sampla 2

Is lú an éifeacht atá leis	Is mó an éifeacht atá leis	Cén fáth?
Gheobhaidh duine árachaithe a bhfuil _____ bailí aige cúiteamh airgeadais.	Gheobhaidh duine árachaithe a bhfuil éileamh bailí aige/aici _____.	

Sampla 3

Is lú an éifeacht atá leis	Is mó an éifeacht atá leis	Cén fáth?
Is é an _____ an duine a ríomhann an phréimh árachais	Is é an (t-) _____ an duine a ríomhann an phréimh árachais	

Sampla 4

Is lú an éifeacht atá leis	Is mó an éifeacht atá leis	Cén fáth?
Is é _____ an _____ árachais a chiallaíonn nach féidir leat _____ a dhéanamh ó árachas.	Is é _____ an prionsabal árachais a chiallaíonn nach féidir leat brabús a dhéanamh ó árachas.	

Nuair a bheidh anailís déanta agat ar na ceisteanna agus tuairim agat ar na cúiseanna a bhí cuid acu níos éifeachtaí ná a chéile, léigh an t-alt ar an gcéad leathanach eile den leabhrán seo ina dtugtar moltaí chun ceisteanna le comhlánú a scríobh atá éifeachtach.

Buntáistí

- Maith le haghaidh cé, cad é, cén áit, cén uair.
- Ní bhíonn scoláirí ag tomhas an méid céanna.
- Ní mór do scoláirí an freagra a bheith acu seachas an freagra a aithint.
- Tugann sé de ghnáth tomhas oibiachtúil ar chumas scoláirí fíricí a thabhairt chun cuimhne agus a chur de ghlanmheabhair.

Míbhuntáistí

- Is deacair leibhéil foghlama níos airde a mheas toisc nach mbíonn de ghnáth ach cúpla focal sna freagraí ar mhíreanna le comhlánú.
- Bíonn róbhéim ar fhíricí a chur ar do theanga.
- D'fhéadfadh níos mó ná freagra ceart amháin a bheith ag ceisteanna.

"Tá ceisteanna líon-isteach-an-bhearna difriúil leis na cineálacha eile ceiste sa mhéid is go n-éilíonn siad scileanna cuimhne. Bíonn ceisteanna il-rogha, fíor-bréagach, agus meaitseáil go léir ag brath ar fhreagra a aithint, ós rud é go dtugtar gach freagra féideartha, agus nach gá don fhoghlaimoir ach an ceann ceart a aithint. Ach i gceisteanna líon-isteach-an-bhearna is gá teacht ar choincheap agus dá bhrí sin, tástálann siad eolas foghlaimoirí ar théarmaí agus ar choincheapa aonair ag leibhéal níos doimhne ná ceisteanna de chineál an aitheantais"

(<https://www.ispringsolutions.com/blog/8-tips-for-writing-good-fill-in-the-blank-questions-in-e-learning-courses/>)

Moltaí chun Ceisteanna le Comhlánú a Scríobh atá Éifeachtach

Seo roinnt moltaí chun ceisteanna le comhlánú a scríobh atá éifeachtach. Bain úsáid astu seo chun do thuiscint a fhorbairt ar éifeachtacht na samplaí i do leabhrán acmhainní.

1. Ná bain an oiread focal amach as an ráiteas go gcailltear an bhrí atá beartaithe.

Thiocfadh an iomarca bearnaí mearbhall a chur ar scoláirí agus iad a bheith ag tabhairt buillí faoi thuairim gan chéill, dá réir. Laghdaigh líon na mbearnaí go focail shuntasacha amháin, é sin nó tabhair treoracha soiléire chun comhthéacs na ceiste a thabhairt.

2. Más féidir, cuir an bhearna ag deireadh ráitis seachas ag an tús.

Má iarrtar freagra ar scoláirí sula dtuigeann siad an bhrí atá leis an ráiteas d'fhéadfaí mearbhall a chur orthu agus go mbeadh níos mó am léitheoireachta ag teastáil. Cabhraigh le próisis smaoinimh do scoláirí trí na bearnaí a chur cóngarach don deireadh.

3. Bí cinnte nach mbíonn ach freagra féideartha amháin ann!

B'fhéidir nach bhfreagródh scoláirí an cheist ar an mbealach a bhí beartaithe agat. Mar shampla, d'fhéadfaí an cheist nach bhfuil éifeachtach i sampla 2 a fhreagairt le 'polasaí', mar sin déan cinnte go scríobhann tú an cheist ar bhealach nach mbíonn ach freagra amháin ann a bhfuil ciall leis.

4. Seachain leideanna gramadaí ar an bhfreagra ceart.

Má thosaíonn an freagra ceart le guta agus má bhíonn an t-alt á thabhairt roimh bhearna, bain úsáid as (t-) sa chaoi nach mbeidh a fhios ag an scoláire cén inscne atá an freagra.

MODH B: CEISTEANNA ILROGHA

Is ceisteanna a mbíonn freagra le roghnú dóibh iad na ceisteanna Ilrogha (CIRanna) ina dtugtar rogha freagraí do scoláirí le roghnú astu. Áirítear ar na CIRanna:

Ceisteanna le freagraí - Ráitis Neamhiomlána - Ríomha srl.

Leibhéal cognaíoch

Eolas	Tuiscint	Feidhm	Anailís	Sintéis	Meastóireacht
✓	✓	✓	✓	✓	✓

Éifeachtacht Cheisteanna a Chur i gComparáid:

Déan comparáid idir na tacair sna samplaí seo a leanas agus pléigh **cén fáth** a bhfuil sraith amháin níos éifeachtaí ná an ceann eile.

Sampla 1:

An ceann is lú éifeacht:

Is _____ é an duine a ríomhann an phréimh árachais:

(a) Cuntasóir (b) Bróicéir (c) Bainisteoir (d) Achtúire

An ceann is mó éifeacht:

Is _____ é an duine a ríomhann an phréimh árachais:

(a) Measúnóir (b) Achtúire (c) Bróicéir (d) Coigeartóir Cailteanais

Cén fáth?

Sampla 2:

An ceann is lú éifeacht:

Bain úsáid as na figiúirí thíos chun Glanbhrabús a ríomh:

Díolacháin €100,000 Costas Díolachán €40,000 Speansais €30,000

Oibriú Amach:

(a) €90,000

(b) €110,000

(c) €30,000

(d) €170,000

[ar leanúint ar an gcéad leathanach eile]

An ceann is mó éifeacht:

Bain úsáid as na figiúirí thíos chun Glanbhrabús nó Glanchailteanas a ríomh:

Costas Díolachán €40,000 Díolacháin €100,000 Speansais €30,000

Oibriú Amach:

(a) €90,000 (b) €110,000 (c) €30,000 (d) (€30,000)

Cén fáth?

Sampla 3:

An ceann is lú éifeacht:

Bain úsáid as na figiúirí thíos chun an brabús comhlán a ríomh:

Díolacháin €100,000 Stoc Tosaigh €10,000 Ceannacháin €30,000 Stoc Deireadh €5,000

Ráiteas Ioncaim (Trádáil C/s)

	€	€
Díolacháin		
Lúide Costas Díolachán		
Stoc Tosaigh		
+ Ceannacháin		
- Stoc Deireadh		
Costas Díolachán		
OLLBHRABÚS		

a) €35,000 b) €135,000 c) €65,000 d) €60,000

[ar leanúint ar an gcéad leathanach eile]

An ceann is mó éifeacht:

Bain úsáid as na figiúirí thíos chun an brabús comhlán a ríomh:

Stoc Tosaigh €10,000 Díolacháin €100,000 Ceannacháin €30,000 Stoc Deireadh €5,000

Ráiteas Ioncaim (Trádáil C/s)

	€	€
Lúide Costas Díolachán		
OLLBHRABÚS		

(a) €35,000 b) €135,000 c) €65,000 d) €60,000

Cén fáth?

Buntáistí

- Ilúsáideach ag gach leibhéal cognaíoch.
- Is féidir é a úsáid chun míthuiscintí a dhiagnóisiú.
- Níos lú tomhais á ndéanamh má scríobhtar go héifeachtach é.
- Níos lú scríbhneoireachta do scoláirí.

Míbhuntáistí

- Deacair dea-mhíreanna tástála a chumadh.
- Deacair teacht ar fhreagraí mearaí sochreidte / freagraí malartacha.
- Glacann sé go leor ama iad a scríobh.

Nuair a bheidh anailís déanta agat ar na ceisteanna agus tuairim agat ar na cúiseanna a bhí cuid acu níos éifeachtaí ná a chéile, léigh an t-alt ar an gcéad leathanach eile den leabhrán seo ina dtugtar moltaí chun ceisteanna éifeachtacha ilrogha a scríobh.

“Tá míreanna ilrogha ar na cinn is úsáidí de gach cineál ceiste. Is féidir iad a úsáid chun cuimhne fhíorasach a thástáil chomh maith le leibhéal tuisceana agus chumais chun foghlaim a chur i bhfeidhm. Ní hamháin go ndéanann an mhír ilrogha tástál ar fhaisnéis a thabhairt chun cuimhne ach freisin ar an gcumas breithiúnas a úsáid chun anailís agus meastóireacht a dhéanamh.”

Foinse: Is This a Trick Question? A Short Guide to Writing Effective Test Questions, Ben Clay, Kansas Curriculum Centre, 2001

Moltaí i gcomhair Ceisteanna Ilrogha Éifeachtacha a Scríobh

Seo roinnt moltaí chun ceisteanna ilrogha éifeachtacha a scríobh. Bain úsáid astu seo chun do thuiscint a fhorbairt ar éifeachtacht na samplaí i do leabhrán acmhainní.

1. Ná tabhair aon leideanna ar an bhfreagra!

Bí cinnte nach mbíonn aon eolas agat sa cheist a chabhróidh le scoláirí an freagra ceart a aithint. Mar an gcéanna, seachain leideanna sna freagraí, go háirithe leideanna gramadaí, a d'fhéadfadh an freagra thabhairt do scoláire.

2. Déan an fhadhb soiléir don scoláire agus déan cinnte go bhfuil na freagraí sochreidte.

Cuir an fhadhb i bhfréamh na ceiste ionas go mbeidh sé soiléir ag an scoláire cad é atá á iarraidh. Chomh maith leis sin, ná cuir isteach freagraí amaideacha nó gan dealramh - ní spreagfaidh sé sin ach úsáid an phróisis cur as an áireamh. Bíodh na freagraí bainteach le téama ar leith.

3. Bain úsáid as ceisteanna ilrogha mar cheisteanna diagnóiseacha.

Is féidir ceisteanna ilrogha a úsáid chun míthuiscintí scoláirí nó míthuiscintí coitianta a aithint. Má chuireann tú trí fhreagra mhíchearta leis an bhfreagra ceart, ina nochtann gach freagra mícheart botún nó míthuiscint ar leith, ansin gheobhaidh tú léargas luachmhar ar an gcúis a fuair do scoláirí an cheist mícheart.

4. Déan cinnte go mbíonn ábhar na ceiste agus a héileamh cognaíoch ag teacht leis an bhfoghlaim atá á tástáil.

Tá sé tábhachtach Briathar Gnímh an TF / IF atá i gceist a sheiceáil. Ba cheart go ndéanfaidh ceist éifeachtach bhailí measúnú ní hamháin ar an ábhar cuí ach ar an leibhéal cognaíoch cuí freisin. Déan ceangal le leibhéil chognaíocha níos airde trí úsáid a bhaint as ábhar spreagtha amhail graif, léaráidí, nó cásanna anaithnide ina gcaithfidh scoláirí an méid atá foghlamtha acu a chur i bhfeidhm.

MODH C: TACAIR MHEAITSEÁLA

Is é atá i gceist le Tacair Mheaitseála cineál de cheisteanna a bhfuil freagra le roghnú dóibh ina n-iarrtar ar scoláirí ceisteanna agus freagraí a mheaitseáil, a thugtar de ghnáth in 2 liosta. Áirítear orthu seo:

- téarmaí le sainmhíne
- struchtúir le feidhmeanna
- fadhbanna le réitigh, srl.

Leibhéal cognaíoch

Eolas	Tuiscint	Feidhm	Anailís	Sintéis	Meastóireacht
✓	✓				

Éifeachtacht Cheisteanna a Chur i gComparáid:

Déan comparáid idir na tacair sna samplaí seo a leanas agus pléigh **cén fáth** a bhfuil sraith amháin níos éifeachtaí ná an ceann eile.

Sampla 1.

An ceann is lú éifeacht:

Meaitseáil na nithe seo a leanas:

- A. Cúiteamh.
- B. Ualú.
- C. Foirm Thogra.

1. An fhoirm iarratais ar árachas.
2. Íocaíocht a dhéantar le duine árachaithe má bhaineann cailteanas árachaithe dóibh.
3. Méid breise a chuirtear leis an mbunphréimh chun riosca méadaithe a chlúdach.

An ceann is mó éifeacht:

Ar an líne ar thaobh na láimhe clé de gach ráiteas sa dara colún, scríobh litir an fhreagra chomhfhreagraigh ón gcéad cholún. Ní féidir gach freagra a úsáid.

- A. Cúiteamh.
- B. Ualú.
- C. Foirm Togra.
- D. Préamh.

1. An fhoirm iarratais ar árachas. _____
2. Íocaíocht a dhéantar le duine árachaithe má thabhaíonn siad cailteanas árachaithe. _____
3. Méid breise a chuirtear leis an bpréimh bhunúsach chun riosca méadaithe a chlúdach. _____

Cén fáth?

Sampla 2.

An ceann is lú éifeacht:

Meaitseáil na téarmaí lena mbríonna:

- A. Cáin Choinneála ar Úis Taisce / DIRT.
- B. Sócmhainn.
- C. Ar Cairde.
- D. Slánaíocht.

1. Níor cheart do dhuine árachaithe brabús a bhaint as árachas.
2. Ceannaigh anois, íoc níos déanaí.
3. Cáin ar ús a tuilleadh ar choigilteas.
4. Mír luacha atá faoi úinéireacht ghnó.

An ceann is mó éifeacht:

Meaitseáil prionsabal an árachais leis an ráiteas ábhartha. Scríobh do fhreagra ar an líne ar thaobh na lámhe clé de gach ráitis. Féadfar gach prionsabal a úsáid níos mó ná uair amháin.

1. Níor cheart do dhuine árachaithe brabús a bhaint as árachas.
2. Sa chás go bhfuil an riosca céanna árachaithe le níos mó ná árachóir amháin, roinnfidh siad costas an éilimh eatarthu.
3. Is féidir le cuideachta árachais agairt a dhéanamh ar aon tríú páirtí atá freagrach as cailteanas chun aon chúiteamh a íocadh a ghnóthú.
4. Chun rud éigin a árachú, ní mór duit leas a bhaint as é a bheith ann agus fulaingt má chailtear é.
5. Téann úinéireacht mír árachaithe chuig an gcuideachta árachais a luaithe agus a íocann siad cúiteamh as an mír sin.
6. Ní mór do dhuine a dhéanann iarratas ar árachas gach ceist a fhreagairt go fírinneach agus gach fíric ábhartha a nochtadh.

- A. Ús inárachaithe
- B. Meon lánmhaith
- C. Slánaíocht
- D. Ranníocaíocht
- E. Seachaíocht

Cén fáth?

Nuair a bheidh anailís déanta agat ar na ceisteanna agus tuairimí agat ar na cúiseanna a bhaineann le cuid acu a bheith níos éifeachtaí ná a chéile, léigh an t-alt ar an gcéad leathanach eile den leabhrán seo ina dtugtar moltaí chun tacair éifeachtacha mheaitseála a scríobh.

Buntáistí

- An clúdach is mó i dtaca le heolas de sa spás / san am ullmhúcháin is lú.
- Luachmhar ó thaobh inneachair de i réimsí ina mbíonn a lán fíricí.
- Oiriúnach do scoláirí a bhfuil cumas léitheoireachta níos ísle acu.

Míbhuntáistí

- B'fhéidir nach mbeadh sé oiriúnach do leibhéil níos airde foghlama.
- Glacann sé go leor ama ar scoláirí.

Seo roinnt moltaí chun tacair mheaitseála éifeachtacha a scríobh. Bain úsáid astu seo chun do thuiscint a fhorbairt ar éifeachtacht na samplaí i do leabhrán acmhainní.

1. Bain úsáid as ábhar aonchineálach i dtacar meaitseála.

Má chuirtear topaicí neamhghaolmhara sa tacar meaitseála céanna seans go mbeadh an mheaitseáil ró-shoiléir. Sa chaoi nach mbainfidh scoláirí úsáid as an bpróiseas cur as an áireamh chun na freagraí a oibriú amach, ba chóir an t-inneachar a dhíriú ar thopaic nó ar shaincheist amháin.

2. Bain úsáid as líon míchothrom míreanna le meaitseáil nó tabhair cead freagraí a úsáid níos mó ná uair amháin.

Má tá líon comhionann míreanna agat sa dá liosta, ansin is féidir an mhír dheireanach a fhreagairt ag baint úsáid as an bpróiseas cur as an áireamh. Bain triail as líon difriúil míreanna a úsáid ionas nach mbeidh siad ag tomhas an oiread sin ná ag cur rudaí as an áireamh. Beidh ar do scoláirí meabhrú níos doimhne má bhíonn a fhios acu go n-úsáidfear roinnt míreanna níos mó ná uair amháin.

3. Cuir cuntais níos faide ar thaobh na láimhe clé agus freagraí níos giorra ar dheis.

Seachas an scoláire a bheith ag léamh trí go leor frásaí fada chun teacht ar mheaitseáil, ní gá dóibh ach na frásaí níos giorra a léamh. Ach an t-am léitheoireachta a laghdú ar an mbealach seo cabhróidh sé go háirithe le scoláirí a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta acu.

4. Tabhair treoracha soiléire ina luaitear an bunús leis na spreagthaí a mheaitseáil leis na freagraí.

Déan rudaí soiléir do do scoláirí a mhíniú cé acu is féidir freagra a úsáid níos mó ná uair amháin agus a chur in iúl cén áit leis an bhfreagra a scríobh.

MODH D: MÍREANNA LE FREAGRA SUIBIACHTÚIL

Is ceisteanna a dtugtar freagraí orthu iad na Míreanna le Freagraí Suibíachtúla a éilíonn ar scoláirí níos mó ná cúpla focal a sholáthar ina gcuid freagraí. Áirítear orthu seo:

- ceisteanna gairide
- freagra leathnaithe (Cnna ar stíl aiste)
- fadhbanna, ríomha, graif srl.

Leibhéal cognaíoch:

Eolas	Tuiscint	Feidhm	Anailís	Sintéis	Meastóireacht
✓	✓	✓	✓	✓	✓

Éifeachtacht Cheisteanna a Chur i gComparáid

Déan comparáid idir na ceisteanna sna samplaí seo a leanas agus pléigh **cén fáth** a bhfuil ceist amháin níos éifeachtaí ná an ceann eile.

Sampla 1.

An ceann is lú éifeacht	An ceann is mó éifeacht	Cén fáth?
<p><i>“Ba cheart d’Éirinn fanacht san Aontas Eorpach”.</i></p> <p><i>Ag leanúint ar aghaidh ón bplé a bhí againn sa rang, tabhair argóint amháin ar son agus argóint amháin i gcoinne an ráitis thuas. Ansin tabhair do thuairim féin cé acu a aontaíonn tú leis an ráiteas thuas nó nach n-aontaíonn, agus bí cinnte go míníonn tú cén fáth.</i></p> <p>[Nótaí an mhúinteora: Is fiú 4 mharc an Cheist seo].</p>	<p><i>“Ba cheart d’Éirinn fanacht san Aontas Eorpach”.</i></p> <p><i>Ag leanúint ar aghaidh ón bplé a bhí againn sa rang, tabhair argóint amháin ar son agus argóint amháin i gcoinne an ráitis thuas. Ansin tabhair do thuairim féin cé acu a aontaíonn tú leis an ráiteas thuas nó nach n-aontaíonn, agus bí cinnte go míníonn tú cén fáth.</i></p> <p>[Nótaí an mhúinteora: 1 argóint bhailí ar a shon = 1 marc; 1 argóint bhailí ina choinne = 1 marc; Tuairim phearsanta = 1 marc; Fáth = 1 marc].</p>	

Sampla 2:

An ceann is lú éifeacht	An ceann is mó éifeacht	Cén fáth?
<p><i>Cad é atá i gceist leis an téarma ‘fachtóirí (toscaí) táirgthe’</i></p>	<p><i>Ag baint úsáid as focail agus / nó as íomhánna mínigh <u>gach ceann</u> de na fachtóirí (toscaí) táirgthe. Bain úsáid as an méid seo a leanas i do fhreagra:</i></p> <p><i>Ainm an fhachtóra (tosca), míniú, sampla, luach saothair a théann leis an bhfachtóir (tosca) sin a úsáid.</i></p>	

Sampla 3:

An ceann is lú éifeacht:

(a) Mínigh an difríocht idir 'costas airgeadais' agus 'deischostas'.

(b) Tabhair cuntas ar bhaol amháin le hairgead a fháil ar iasacht.

An ceann is mó éifeacht:

Ní mór do Pheigí rogha a dhéanamh idir cuid dá coigilteas a chaitheamh ar throsacán nua nó a leanaí a thabhairt ar shiúl ar saoire ghairid. Cosnaíonn an dá rogha €1500 agus níl dóthain airgid aici chun íoc as an dá rud.

(a) Sa chás seo, cad é an costas airgeadais is cuma cén rogha a dhéanfaidh Peigí?

(b) Má chinneann Peigí ar throsacán a cheannach, luaigh deischostas amháin leis an gcinneadh sin.

(c) (i) An dtabharfá de chomhairle do Pheigí an t-airgead a fháil ar iasacht, ionas gur féidir léi an lá saoire agus an troscán araon a bheith aici?

(ii) Mínigh an chúis atá le do chomhairle.

Cén fáth?

Nuair a bheidh anailís déanta agat ar na ceisteanna agus tuairim agat ar na cúiseanna a bhaineann le cuid acu a bheith níos éifeachtaí ná a chéile, léigh an t-alt ar an gcéad leathanach eile den leabhrán seo ina dtugtar moltaí chun ceisteanna éifeachtacha le freagra suibichtúil a scríobh.

Buntáistí

- Is lú an seans go mbeidh buille faoi thuairim á thabhairt ag scoláirí.
- Éasca le cumadh.
- Glacann sé a lán ama iad a fhreagairt.
- Spreagann sé níos mó staidéir.
- Déantar measúnú cuí ar intinní foghlama a dhíríonn ar an gcumas scileanna nó eolas a chur i bhfeidhm maidir le fadhbanna a réiteach.

Míbhuntáistí

- Marcáil shuibichtúil, a d'fhéadfadh a bheith neamhiontaofa.
- Glacann sé a lán ama iad a mharcáil.
- Níl sé éifeachtach chun eolas ar fhíricí bunúsacha a mheas, bíonn níos mó seansanna ag scoláirí a bheith ag cur i gcéill.
- Tugann sé buntáiste do scoláirí a bhfuil scileanna maithe liteartha acu.

Moltaí maidir le Ceisteanna Éifeachtacha le Freagraí Suibhachtúla a Scríobh

Seo roinnt moltaí chun ceisteanna éifeachtacha le freagraí suibhachtúla a scríobh. Bain úsáid astu seo chun do thuiscint a fhorbairt ar éifeachtacht na samplaí i do leabhrán acmhainní.

1. Déan cinnte go mbíonn inneachar agus éileamh cognaíoch na gceisteanna ag teacht leis an bhfoghlaim atá á tástáil.

Tá sé tábhachtach Briathar Gnímh an TF / IF atá i gceist a sheiceáil. Ba cheart go ndéanadh ceist éifeachtach bhailí measúnú ní hamháin ar an inneachar cuí ach ar an leibhéal cognaíoch cuí freisin.

2. Bain úsáid as leideanna nó as ábhar spreagtha chun ceangal a dhéanamh le leibhéal chognaíoch foghlama níos airde.

Trí ábhar spreagtha a úsáid ligtear do scoláirí an méid atá foghlamtha acu a chur i bhfeidhm i suíomh nua nó smaoineamh ar fhaisnéis ar bhealach difriúil. De rogha air sin, tabhair roinnt faisnéis chúlra nach mór dóibh a nascadh leis an méid atá ar eolas acu cheana féin.

3. Ceap scéim mharcála chun gabháil le gach mír.

Is dea-chleachtas é cinneadh a dhéanamh ar an gcaoi a leithdháilfear na marcanna ar cheist, agus cén chuma a bheadh ar fhreagra inghlactha, sula dtosaíonn tú ag marcáil na trialach. Ba cheart gur chabhair é scéim mharcála a bheith in áit roimh ré chun deireadh a chur le suibhachtúlacht agus, dá bhrí sin, go gcabhródh sé le bailíocht na gceisteanna a fheabhsú.

4. Déan an cheist agus nádúr an fhreagra soiléir don scoláire.

Mura dtugtar treoracha soiléire, b'fhéidir go sílfeadh an scoláire a fhreagra a bheith ciallmhar ach b'fhéidir nach é an rud a bhí á lorg agat. Tá sé tábhachtach a chur in iúl do scoláirí cad é a bhfuil súil agat leis i bhfreagra.

Treoracha Grúpghníomhaíocht Ar Líne / Seomra ar an Imeall

Seisiún 3 (2.00pm – 3.30pm)

Gníomhaíocht Aonair 1 (25 nóiméad)

Sa ghníomhaíocht seo beimid ag baint úsáid as ceathramhán ceiste (gheobhaidh tú sonraí agus samplaí díobh ar leathanaigh 28-29 den leabhrán seo) agus beidh sé de chúram ort gníomhaíocht ghearr mheasúnaithe a chruthú agus alt nuachta in úsáid agat mar spreagadh.

Beidh ort measúnú a phleanáil a bheas teacht le agus réimse cumas na scoláirí i do sheomra ranga agus a thabharfaidh a ndúshlán.

Iarrtar ort:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar Cheathramhán Ceiste IKEA
- Agus an t-ábhar nuachta a bhaineann le Gnó a shanntar duit in úsáid agat, comhlánaigh do Cheathramhán Ceiste aonair. Gheobhaidh tú naisc le hailt nuachta ábhartha ar Lch 30 - 31 den leabhrán seo.
- Caithfidh sé a bheith ar leibhéal comónta agus inrochtana ag gach duine.

Grúpghníomhaíocht 1 (10 nóiméad)

- I do Sheomra ar an Imeall, roinn do Cheathramhán Ceiste agus pléigh an próiseas atá i gceist le do ghrúpa
- Déan machnamh ar a fhiúntas mar uirlis chun ceistiú éifeachtach a dhéanamh i do sheomra ranga.

Gníomhaíocht Aonair 2 (15 nóiméad)

Éist leis an dá ghearrthóg fuaime ar Leathanach 32 agus múinteoirí Staidéar Gnó ag plé a dtaithí ar Aiseolas Éifeachtach Múnlaiteach agus déan Machnamh ar do Chleachtas i leith Aiseolas Múnlaiteach ag baint úsáid as an teimpléad ar leathanach

Grúpghníomhaíocht 2 (10 nóiméad)

- I do Sheomra ar an Imeall, i ndiaidh duit éisteacht leis an dá ghearrthóg fuaime, pléigh do chuid smaointe ar straitéisí aiseolas múnlaiteach.

Ceist Samplach ón CNCM

Tá Avonmore tar éis tús a chur le feachtas mór chun a Bhainne Próitéine a chur chun cinn (thionscnú). Is é an spriocmhargadh do Bhainne Próitéine Avonmore fir agus mná idir 15 agus 35 bliain d'aois a bhíonn an-aireach faoina sláinte. Reáchtálfar an feachtas cur chun cinn i gcomhpháirtíocht leis na heagraíochtaí spóirt, CLG (Cumann Lúthchleas Gael) agus GPA (Cumann Imreoirí Gael). Tá pacáistíocht agus fógraíocht lasmuigh, fógraíocht teilifíse agus fógraíocht ar líne san áireamh san fheachtas

- (a) Mínigh cad is brí leis an téarma spriocmhargadh.
- (b) Seo í an phacáistíocht atá i gceist le cartán Bainne Próitéine de chuid Avonmore. **An dóigh leat go bhfuil an phacáistíocht éifeachtach? Tabhair dhá chúis le do fhreagra.**
- (c) **Mínigh cén fáth** a gceapann tú go ndéanfadh Avonmore comhpháirtíocht le heagraíocht spóirt mar an CLG chun a bhainne próitéine a chur chun cinn?

Is é an aidhm atá ag an bhfeachtas cur chun cinn de chuid Avonmore an t-éileamh atá ar a Bhainne Próitéine a mhéadú.

- (d) **Cad a tharlóidh do phraghas agus cainníocht** soláthar an Bhainne Próitéin, dar leat, má bhíonn rath ar an bhfeachtas agus tagann méadú ar an éileamh. **Mínigh an chúis a gceapann tú go dtarlóidh sé sin.**

Tarraing léaráid chun na hathruithe a bhfuil súil agat leo a thaispeáint.

PRAGHAS



Ceist 18 (CSS, Páipéar Deiridh 2019)

(a) Tá cónaí ar Mháire agus a fear céile Eoin i mBéal Átha Liag, Contae an Longfoirt. Píolóta le Ryanair is ea Máire agus tá a fear céile Eoin dífhostaithe faoi láthair, ach déanann sé obair dheonach sa phobal áitiúil.

(i) **Déan idirdhealú idir** obair dheonach agus fostaíocht trí fhreagra fíor nó bréagach do gach ceann de na ráitis seo a leanas. Fíor / Bréagach.

Tá fostaí i dteideal pá lae atá cothrom.

Faigheann oibrí deonach pá.

Tá cearta dlíthiúla ag fostaí.

Ní mór cáilíocht tríú leibhéal a bheith ag oibrí deonach.

(ii) Oibríonn Eoin go deonach sa phobal áitiúil. **Tabhair breac-chuntas ar na tairbhí** a bhaineann Eoin as bheith ag obair go deonach..

(iii) Taitníonn a post le Ryanair le Máire ach tá imní uirthi faoi na ceisteanna caidrimh tionsclaíoch. **Tabhair breac-chuntas ar dhá cheart** atá ag Ryanair **agus dhá fhreagracht** atá air mar fhostóir..

(b)


Tuilleann post Mháire €7,000 in aghaidh na míosa le Ryanair agus i mí na Bhealtaine thuill sí íocaíocht ragoibre de €600. Íocann sí ÍMAT a íoc ag ráta 40% agus tá creidmheas cánach míosúil de €275 aici. Íocann sí ÁSPC ag 4% agus MSU ag 5.5%. **Bain úsáid as na sonraí thuas chun duillín pá Mháire a chomhlánú i gcomhair 31/05/2019.**

Duillín pá			
Ainm an Fhostaí:	Máire Uí Bhraonáin	Dáta:	
Tuilleamh		Asbhaintí	
Bunphá		ÍMAT	
Ragobair		ÁSPC	
		MSU	
Pá Comhlán		Asbhaintí Iomlána	
Glanphá			

Bosca oibre ÍMAT:
Bosca oibre ÁSPC
Bosca oibre MSU:

(c)

- (i) **Léirigh** i ngach cás díobh, cé acu an treocht mhaith nó droch-threocht do gheilleagar na hÉireann é an t-athrú atá ar na táscairí.
- (ii) **Mínigh** tionchar an treochta thuas ar an dífhostaíocht ar an duine aonair ar nós Eoin agus ar an ngeilleagar.



- (i) Léirigh i ngach cás díobh, cé acu an treocht mhaith nó droch-threocht do gheilleagar na hÉireann é an t-athrú atá ar na táscairí. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart thíos.

Táscaire Eacnamaíoch	Treocht mhaith	Droch-threocht
Dífhostaíocht		
Fás eacnamaíoch		

- (ii) Mínigh tionchar an treochta thuas ar an **dífhostaíocht** ar an duine aonair ar nós Eoin agus ar an ngeilleagar.

Tionchar ar an duine aonair:
Tionchar ar an ngeilleagar:

Gníomhaíocht: Measúnú i Seomra Ranga an Staidéir Ghnó

Ceathramhán Ceiste: Is uirlis smaointeoireachta í an ceathramhán ceiste a d'fhorbair Phillip Cam (2006) chun ceisteanna fiúntacha agus córasacha a fháil agus a chumadh chun foghlaim a threorú. Bíonn ceisteanna oscailte agus dúnta ar feadh ais amháin agus luíonn ceisteanna liteartha agus tátalacha / feidhmeacha ar feadh an chinn eile.

Cliceáil anseo chun teacht ar [THEIMPLÉAD CEATHRAMHÁN CEISTE SSM](#)

Pleanáil don Chineál Ceiste – Ceathramhán Ceiste

IKEA chun troscán nach dteastaíonn ó chustaiméirí a cheannach ar ais

Tá brainsí na hÉireann agus na Breataine de IKEA ag tairiscint troscán IKEA nach dteastaíonn a cheannach ar ais ó chustaiméirí, a dhíolfaidh siad ansin i siopaí mar earraí dara láimhe, a dúirt siad inniu.

Dúirt siad go bhfuil an tionscnamh "Ceannaigh Ar ais", a seoladh ar an 27 Samhain, mar chuid de sprioc an mhiondíoltóra troscáin is mó ar domhan a bheith ina "ghnó iomlán athchúrsála agus ar son na haeráide faoi 2030".

Faoin scéim, tabharfar dearbháin do chustaiméirí le caitheamh ag siopaí IKEA, a mbraitheann a luach ar riocht na nithe atá á ndíol ar ais acu. Gheobhaidh custaiméirí a bhfuil míreanna "geall le bheith nua" acu, gan aon scríoba, 50% den phraghas bunaidh, míreanna atá "an-mhaith", le mion-scríoba, gheobhaidh siad 40% agus míreanna atá "seanchaite", agus a bhfuil roinnt scríob orthu, gheobhaidh siad 30%. Dúirt IKEA go ndéanfar aon rud nach féidir a athdhíol a athchúrsáil.

An tseachtain seo caite, dúirt an grúpa go bhfaca siad díolacháin ag tosú a fhás arís i mbliana le linn ghéarchéim an choróinvíris agus borradh ag teacht sa spéis atá ag siopadóirí níos mó a chaitheamh ar a gcuid tithe, treocht a chreideann siad atá ag dul a fhanacht

Foinse: <https://www.rte.ie/news/business/2020/1013/1171205-ikea-second-hand-furniture/>

Bunaithe ar Acmhainn / Spreagadh Staidéar Gnó

Freagraí(i) le fáil in acmhainn / spreagadh

Cén uair a sheolfaidh IKEA a thionscnamh 'ceannaigh ar ais'?

Cad iad na siopaí IKEA a bhfuil baint acu leis an tionscnamh?

Freagraí(i) le fáil in acmhainn / spreagadh

Cad a cheapann tú a chiallaíonn an téarma 'gnó iomlán athchúrsála agus ar son na haeráide'?

Cén fáth a gceapann tú a bhfuil IKEA ag tairiscint dearbhán seachas airgead tirim do chustaiméirí a thugann ar ais troscán nach dteastaíonn?

Ceisteanna Dúnta

Ceisteanna Oscailte

Tá na freagra(i) nasctha le hacmhainn / spreagadh agus comhthéacs ábhair níos leithne

Liostaigh 3A ordlathas na dramhaíola:

Athlaghdú

Athúsáid

Athchúrsáil

Tá seasamh an scoláire bunaithe ar acmhainn / spreagadh agus comhthéacs ábhair níos leithne;

Tá IKEA ag maíomh gur togra inbhuanaitheachta é seo. An gceapann tú gur teaicic mhargaíochta chliste é freisin? Mínigh do fhreagra.

Tabhair breac-chuntas ar phríomhchearta agus freagrachtaí tomhaltóirí agus miondíoltóirí maidir le dearbháin.

Forbartha chuig Comhthéacs Níos Leithne Staidéar Gnó

Ceathramhán Ceiste Oiriúnaithe– Philip Cam 2006

Sa ghníomhaíocht seo táimid chun measúnú a phleanáil ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim a tharla mar gheall ar ábhar spreagtha. Beidh ort measúnú a phleanáil a bheidh inrochtana agus dúshlánach do réimse cumais na scoláirí i do sheomra ranga.

Rudaí is gá duit a dhéanamh:

- Roghnaigh ceann de na hábhair nuachta a bhaineann le Gnó a sholáthraítear thíos, nó, más fearr leat, bain úsáid as spreagadh eile a bhaineann leis an Aonad Foghlama a bhfuil tú ag gabháil dó faoi láthair i do sheomra Staidéar Gnó nó a bhfuil sé ar intinn agat tabhairt faoi go luath amach anseo.
- Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an "gCeathramhán Ceiste" comhlánaithe Pleanáil don chineál Ceiste - ag baint úsáid as alt IKEA agus as an gceathramhán ceiste samplach a thugtar comhlánaigh an Ceathramhán Ceiste bán (thíos) ag baint úsáid as an mír / alt spreagtha atá roghnaithe agat.

Ailt Spreagtha do Ghníomhaíocht an Cheathramhain Ceiste

- 1. DPD Ireland chun 700 post a chruthú agus seachadtaí ag méadú go mór**

<https://www.rte.ie/news/business/2020/1016/1171963-dpd-irelands-new-jobs/>

- 2. Suíomh gréasáin nua le bronntanais de Dhéantús Éireannach faoi Ráthaíocht**

<https://www.rte.ie/news/business/2020/1021/1172912-new-website-with-gifts-that-are-guaranteed-irish/>

- 3. Spreagann feabhsúchán baile an t-éileamh ar cheirdeanna**

<https://www.rte.ie/news/business/2020/1016/1171919-home-improvement-drives-demand-for-tradesmen/>

- 4. Suas le €30m ag dul do ghníomhairí taistil ó aerlínte de bharr Covid-19, arsa príomhfheidhmeannach na hearnála**

<https://www.rte.ie/news/2020/1014/1171519-covid19-coronavirus-travel/>

- 5. Déanann an buiséad gluaisteáin éifeachtúla níos tarraingtí - ach an acmhainn a bheith agat athrú**


<https://www.rte.ie/news/budget-2021/2020/1014/1171387-motor-industry-car-motorists-budget-2021/>

- 6. Cosaint scáileáin Kastus chun deireadh a chur le baictéir ar theagmháil**

<https://www.rte.ie/news/boost-my-business/2020/1013/1171287-kastus-screen-protection-to-eliminate-bacteria-on-contact/>

Bain úsáid as d'alt roghnaithe nó as an acmhainn spreagtha chun an ceathramhán ceiste a chríochnú:

Bunaithe ar Acmhainn / Spreagadh Staidéar Gnó



Forbartha chuig Comhthéacs Níos Leithne Staidéar

Ceathramhán Ceiste Oiriúnaithe – Philip Cam 2006

Aiseolas Éifeachtach Fhoirmitheach

Aiseolas Éifeachtach Fhoirmitheach

Éist leis an dá thaifeadadh fuaimne thíos, de mhúinteoirí Staidéar Gnó agus iad ag plé a n-eispéiris aonair féin maidir le haiseolas éifeachtach fhoirmitheach.

Déan do nótaí féin a thaifeadadh agus tú ag éisteacht leis na gearrthóga fuaimne.

Gearrthóg Fuaimne - Machnamh Múinteora 1



Pléann an **múinteoir Staidéar Gnó, Ciara Murphy**, a taithí ar aiseolas éifeachtach fhoirmitheach.



Clliceáil [ANSEO](#) chun an ghearrthóg fuaimne a sheinm nó déan an cód MF seo a scanadh:



Clliceáil [ANSEO](#) chun teacht ar thras-scríbhinn Chiara.

Nasc fuaimne: https://drive.google.com/file/d/1PoA-7dXxp_ZRU9rp0CtV2cE3iOT5D8Vt/view?usp=sharing

Gearrthóg Fuaimne - Machnamh Múinteora 2



Pléann an **múinteoir Staidéar Gnó, Suzanne Syron**, a taithí ar aiseolas éifeachtach fhoirmitheach.



Clliceáil [ANSEO](#) chun an ghearrthóg fuaimne a sheinm nó déan an cód MF seo a scanadh:



Clliceáil [ANSEO](#) chun teacht ar thras-scríbhinn Suzanne.

Nasc fuaimne: https://drive.google.com/file/d/1UaR6cT_P-XuvhAvk4OIXYmSZYiYJUk6/view?usp=sharing

Taifead do chuid smaointe mar fhreagra ar an dá ghearrthóg fuaimne le plé i do Sheomra ar an Imeall

Aiseolas Piaráí i Seomra Ranga an Staidéir Ghnó

Gearrthóg físe den **mhúinteoir Staidéar Gnó, Sinéad Brady**, agus í ag plé a taithí ar aiseolas piaráí a úsáid le haghaidh teagaisc agus foghlama.



Cliceáil **ANSEO** chun féachaint ar an bhfíseán nó déan an Cód MF seo a scanadh:



<https://drive.google.com/file/d/1zddl-6qIMFzbZS-VDBVM1dpbFBs6ij-K/view?usp=sharing>

*Le haghaidh tacaíocht bhreise maidir le haiseolas piaráí a úsáid, cliceáil **anseo** chun teacht ar 'Straitéis Aiseolas Piaráí' fhéideartha nuashonraithe don Scoil Uile atá molta ag an SSM don Seomra Ranga ina mbíonn Scaradh Fisiciúil.*

Gearrthóg Físe - Mo Nótaí:

Gníomhaíocht Mhachnaimh 3-2-1

3.

Trí rud a d'fhoghlaim mé ó mo chomhghleacaithe le linn FGL ar líne an lae inniu

2.

Dhá chur chuige a ghlacfaidh mé isteach i mo sheomra ranga

1.

Rud amháin a ndéanfaidh mé machnamh air

Ba mhór againn bhur gcuid aiseolais a fháil ar an lá agus ar bhur gcuid riachtanais tacaíochta amach anseo.
Leanaigí an nasc thíos agus comhlánaigí an fhoirm aiseolais le bhur dtoil:

Foirm Aiseolais FGL ar Líne an Staidéir Ghnó

Logáil isteach www.jctregistration.ie

NÓTAÍ:

Sonraí Teagmhála

Oifig Riaracháin:

Ionad Oid. Mhuineacháin,
Bóthar Ard Mhacha,
Muineacháin.
www.metc.ie

Gach fiosrúchán chuig: info@jct.ie

Suíomh úsáideach:

www.jct.ie
www.curriculumonline.ie
www.ncca.ie
www.juniorcycle.ie
<http://schoolself-evaluation.ie>

Oifig an Stiúirthóra:

BOOLM,
Sráid an tSéipéil,
Dún Dealgan.



Lean muid ar:

@JCforTeachers
@jct_Business

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE
for teachers